Trí scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoin gcomhlacht *Pfizer*?
2. Cad a dhéanann Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann?
3. Luaigh cuid de na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag seanduine agus é ina chónaí leis féin.

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. a large pharmaceutical company _____
2. based, resident _____
3. amalgamation _____
4. in the health products sector _____
5. high tax rates _____
6. donated _____
7. a lack of iron _____
8. blood supplies _____
9. over 80 _____
10. emergency services _____
11. malice _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh. Mura bhfuil sibh cinnte go fóill, féach ar an mír den dara huair.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat ansin.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Ceist 4 '…***i mBaile Átha Cliath***' agus '…***san earnáil***...'

Féach:

i	=	in	**i gConamara**
sa (i + an)	=	in the	**sa Ghearmáin**
in roimh ghuta			**in Ard Mhacha**
san roimh ghuta agus fh + guta			**san Iorua, san Fhionlainn**

Roghnaigh an focal ceart le cur sna bearnaí.

sa **san** **i** **in**

1. Níl dúil ar bith agam _____ cheol clasaiceach.
2. Tá sé ina chónaí _____ Fhrainc.
3. An raibh tú riamh _____ Meicsiceo?
4. Tá cuileog _____ uachtar reoite.
5. Ní raibh mé riamh _____ áit mar seo.
6. Cé atá _____ bhaile?
7. Tá sé ar laethanta saoire _____ gCúba.
8. Cén teanga a labhraítear _____ Albain?
9. Labhraítear Breatnais _____ Bhreatain Bheag.
10. Thit mé isteach _____ fharraige nuair a bhí mé ag seoltóireacht ag an deireadh seachtaine.

Ceist 5 Cuir an t-alt roimh na focail thíos a bhí sa mhír. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach? Tá an chéad cheann déanta duit.

comhlacht	an comhlacht (fir)
cathair	_____
earnáil	_____
ceanncheathrú	_____
seirbhís	_____
fuil	_____
fear	_____
teach	_____
mailís	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart do chomhlachtaí móra, ar nós *Google* agus *Amazon*, níos mó cánach a íoc? Cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil ráta níos lú cánach sa tír seo ná mar atá i dtíortha eile?
3. An ndeonaíonn tú féin fuil go minic? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. a large pharmaceutical company	*comhlacht ollmhór cógaisíochta*
2. based, resident	*lonnaithe*
3. amalgamation	*cónascadh*
4. in the health products sector	*san earnáil táirgí sláinte*
5. high tax rates	*rátaí arda cánach*
6. donated	*dheonaigh*
7. a lack of iron	*easpa iarainn*
8. blood supplies	*soláthairtí fola*
9. over 80	*os cionn ceithre scór*
10. emergency services	*seirbhísí éigeandála*
11. malice	*mailís*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1. Níl dúil ar bith agam **sa** cheol clasaiceach.
2. Tá sé ina chónaí **sa** Fhrainc.
3. An raibh tú riamh **i** Meicsiceo?
4. Tá cuileog **san** uachtar reoite.
5. Ní raibh mé riamh **in** áit mar seo.
6. Cé atá **sa** bhaile?
7. Tá sé ar laethanta saoire **i** gCúba.
8. Cén teanga a labhraítear **in** Albain?
9. Labhraítear Breatnais **sa** Bhreatain Bheag.
10. Thit mé isteach **san** fharraige nuair a bhí mé ag seoltóireacht ag an deireadh seachtaine.

Ceist 5

comhlacht	an comhlacht (fir)
cathair	an chathair (bn)
earnáil	an earnáil (bn)
ceanncheathrú	an cheanncheathrú (bn)
seirbhís	an tseirbhís (bn)
fuil	an fhuil (bn)
fear	an fear (fir)
teach	an teach (fir)
mailís	an mhailís (bn)

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Tá socrú déanta ag an gcomhlacht ollmhór cógaisíochta *Pfizer* an comhlacht cógaisíochta *Allergan*, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCathair na Mart i gContae Mhaigh Eo, a cheannach. Céad seasca billiún dollar atá luaite leis an gcónascadh – an cónascadh is mó riamh san earnáil táirgí sláinte. Faoin socrú nua, bogfaidh ceanncheathrú *Pfizer* as Nua-Eabhrac go ceanncheathrú *Allergan* i mBaile Átha Cliath agus leis an socrú sin d'fhéadfadh *Pfizer* bheith in ann rátaí arda cánach Mheiriceá a sheachaint.

Scéal 2

Tá Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag éileamh ar níos mó fear fuil a thabhairt. An tseachtain seo caite, stop an tSeirbhís ag glacadh le fuil ó roinnt ban a dheonaigh fuil roimhe seo mar go bhféadfadh easpa iarainn a bheith orthu. Táthar ag iarraidh ar ospidéil soláthairtí fola a chaomhnú agus tá srian ar sholáthairtí fola O diúltach agus A diúltach. Deir an tSeirbhís Fuilaistriúcháin go bhfuil súil acu a bheith ag glacadh le fuil ó fhir agus ó mhná arís Dé Luain seo chugainn.

Scéal 3

Bhásaigh fear a bhí os cionn a cheithre scór i dtine, i dteach i gContae Thiobraid Árann go moch ar maidin. Cuireadh fios ar na seirbhísí éigeandála go dtí an teach i gCill Síoláin, gar do Chluain Meala, thart ar leathuair tar éis a haon. Thángthas ar chorp an fhir sa teach. Ní mheasann na Gardaí ag an tráth seo go raibh aon mhailís i gceist.